



# Gaeltacht.Net

## Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi shuíomh nua idirlín. Sula bhféachann tú ar an mír, pléigh na focail seo leis an duine in aice leat. An dtuigeann sibh iad?



Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.



## Ceist 2

Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceistanna seo.

1. Cén t-ainm atá ar an tionscadal nua taighde?
2. Cén áit ar seoladh an tionscadal?
3. Cé a bhainfidh úsáid as an suíomh?
4. Cén fáth a gceapann Rónán Ó Conghaile go mbeidh an suíomh seo ina chabhair do dhaoine atá ag foghlaim Gaeilge thar lear?
5. Cén trí fhocal a léiríonn cuspóir an tsuímh?
6. Cá fhad a mhairfidh an cúrsa?
7. Cad iad na tascanna éagsúla atá mar chuid den chúrsa?

8. Conas a chabhróidh daoine beo ar an suíomh le foghlaimoirí thar lear?
9. Cé hiad na daoine is mó atá cláraithe leis an suíomh ag an bpointe seo?

**Ceist 3** ‘...a gcumas...’

Aistrigh na habairtí Béarla thíos go Gaeilge.

*I left my coat in the car.  
Do you have your keys with you?  
Is that his sister?  
The purse is in her bag.  
We are eating our dinner.  
You should talk to your (pl) parents.  
I have their documents.*

**Ceist 4** ‘...cúig chéad...’ agus ‘...trí chúrsa...’

Bain úsáid as na hainmfhocail seo a leanas chun na rialacha a bhaineann leis na bunuimhreacha (1 – 10) a mhíniú:

*bileog, seomra, teach, alt*

**Ceist 5** Póstaer

Dear póstaer chun *Gaeltacht.Net* a chur chun cinn agus a fhógairt. Féach ar an mír uair amháin eile agus breac síos an t-eolas a bheidh ar do phóstaer.

Cuir do phóstaer i gcomparáid le ceann an duine in aice leat. An raibh siad cosúil lena chéile?

**Ceist 6** Feasacht Teanga

An bhfuil na ráitis seo thíos fíor nó bréagach fút féin? Pléigh do chuid freagraí leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Is breá liom Gaeilge a labhairt.
2. Labhraím Gaeilge le mo theaghlach.
3. Labhraím Gaeilge le mo chuid cairde.
4. Ní maith liom focail nua a fhoghlaim.
5. Ní dóigh liom go bhfuil gramadach na Gaeilge chomh deacair sin.
6. Tá barraíocht béime ar na canúintí sa Ghaeilge.
7. Tá lámh mhaith agam ar na canúintí ar fad.
8. Léim i nGaeilge go laethúil.
9. Éistim le nó féachaim ar chlár Ghaeilge go minic.
10. Tá an Ghaeilge mar chuid lárnach de m’fhéiniúlacht.

**Treoracha agus Freagraí**

**Ceist 1**

<i>function</i>	feidhm
<i>research</i>	taighde
<i>social network</i>	líonra sóisialta
<i>abroad</i>	thar lear/thar sáile
<i>registered</i>	cláraithe
<i>participants</i>	rannpháirtithe
<i>build, create</i>	cruthaigh
<i>foster, cultivate</i>	cothaigh
<i>beginners</i>	tosaitheoirí
<i>conversation circle</i>	ciorcal comhrá

**Ceist 2**

Féach an script.

**Ceist 3**

*D'fhág mé mo chóta sa ghluaisteán.  
An bhfuil d'eochracha leat?  
An í sin a dheirfiúr?  
Tá an sparán ina mála.  
Táimid ag ithe ár ndinnéir.  
Ba cheart daoibh labhairt le bhur dtuismitheoirí.  
Tá a gcáipéisí agam.*

**Ceist 4**

	<b>1</b>	<b>2-6</b>	<b>7-10</b>
<b>bileog</b>	bileog amháin	bhileog	mbileog
<b>seomra</b>	seomra amháin	sheomra	seomra
<b>teach</b>	teach amháin	theach	dteach
<b>alt</b>	alt amháin	alt	n-alt

**Ceist 5**

Ní gá béim a chur ar chúrsaí ealaíne anseo! Is é aidhm na gníomhaíochta ná an t-eolas ábhartha a aimsiú sa mhír agus a athscríobh ar an bpóstaer. Tabhair deis do gach beirt a bpóstaeir a phlé le chéile sula bpléifear na póstaer ar fad leis an rang iomlán.

**Ceist 6**

Is féidir triúr nó ceathrar a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ráitis a phlé leis an rang iomlán.

### Eimear Ní Chonaola

Bhur gcéad fáilte ar ais. Seoladh tionscadal taighde nua, *Gaeltacht.Net* in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh inniu. Is é an fheidhm atá leis an togra ná líonra sóisialta a chur ar fáil do dhaoine thar lear atá ag foghlaim Gaeilge, le go mbeidh siad in ann cur lena gcumas cainte, agus aithne a chur ar dhaoine eile atá ag foghlaim na teanga.

### Aodhán Ó Maoileoin

Beagnach cúig chéad duine atá cláraithe ó mhaidin, ar an suíomh nua, *Gaeltacht.Net*. Togra taighde a thugann deis do dhaoine thar lear Gaeilge a fhoghlaim. Mar chuid den togra tá rogha idir trí chúrsa dhifriúla, ag brath ar chumas na rannpháirtithe. Deir bunaitheoir an tsuímh, Rónán Ó Conghaile go bhfuil easpa tacaíochta acu siúd atá ag iarraidh teangacha a fhoghlaim nuair atá siad thar sáile. Agus, go dtugann *Gaeltacht.Net* deis do dhaoine cur lena gcumas mar go mbeidh siad in ann comhrá a bheith acu le foghlaimeoirí eile.

### Rónán Ó Conghaile, Gaeltacht.Net

Tuigimse go bhfuil easpa deiseanna ag daoine thar sáile a bheith ag caint i nGaeilge, a bheith ag cleachtadh a gcuid scileanna, agus a bheith ag comhoibriú le daoine eile. So, sin an fáth gurb é<sup>1</sup> an nós nó an cuspóir atá ag *Gaeltacht.Net* ná – ceangail, cruthaigh, cothaigh – ionas go mbíonn<sup>2</sup> daoine ábalta ceangal le chéile, go mbíonn siad ábalta a bheith ag cumarsáid agus ag cruthú as Gaeilge agus go mbíonn seans acu comhoibriú agus a bheith ag cothú comhphobail ar líne.

Caithfidh tú smaoineamh nach bhfuil an comhlúadar nó an comhphobal sin ann do na tosaitheoirí thar lear. Agus, tá siad ag iarraidh teacht ar líne agus ceangal le daoine le scileanna teanga atá níos fearr sa Ghaeilge agus seans a thabhairt dóibh a bheith ag éirí níos fearr agus a bheith ag cleachtadh.

### Aodhán Ó Maoileoin

Ceithre seachtaine a mhairfidh an cúrsa. Agus, tabharfaidh na rannpháirtithe faoi thascanna difriúla gach uile lá – scríobh, léamh agus ciorcal comhrá ina measc.

### Pádhraic Ó Fathaigh

Dúirt sé go raibh sé níos fearr ná *Duolingo* mar tá tú in ann labhairt le daoine agus tá tú in ann an chanúint a chloisteáil. Ach seo daoine atá beo agus tá tú i ngrúpaí ar nós grúpa ciorcail comhrá agus mar sin.

### Aodhán Ó Maoileoin

Daoine as Meiriceá agus as Ceanada is mó atá cláraithe ar shuíomh *Gaeltacht.Net*, atá ag iarraidh Gaeilge a fhoghlaim.

Aodhán Ó Maoileoin, Nuacht TG4, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

---

<sup>1</sup> go bhfuil a dúradh

<sup>2</sup> go bhfuil a dúradh (faoi thrí) ach is í an aimsir ghnáthláithreach a theastaíonn san abairt seo